# Ceisteanna a Chuirtear go Minic maidir le Toiliú i dtaobh Margaíocht Dhíreach Leictreonach

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission

## Cé na rialacha a bhaineann le margaíocht dhíreach leictreonach?

Baineann an 'Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí' (GDPR) leis an gcuid is mó den phróiseáil sonraí in Éirinn agus léitear é i gcomhar leis an Acht um Chosaint Sonraí 2018; mar sin féin, sa bhreis ar na rialacha ginearálta seo, tá rialacha ann **a bhaineann go sonrach le margaíocht dhíreach leictreonach** (margaíocht a dhéantar ar an teileafón, facs, le teachtaireacht téacs agus ríomhphost), a leagtar amach sna 'Rialacháin Ríomhphríobháideachais" (IR 336 de 2011).[1]

Is ionann na Rialacháin Ríomhphríobháideachais agus **sraith bhreise rialacha** a bhaineann le cineálacha áirithe próiseála sonraí, lena n-áirítear, margaíocht dhíreach leictreonach, agus **léitear iad i gcomhar** leis na rialacha atá le fáil san Acht um Chosaint Sonraí 2018 agus sa GDPR.  Déantar soiléireacht i Réamhaithris 173 agus in Airteagal 95 den GDPR go bhfuil feidhm i gcónaí leis an Treoir um Ríomhphríobháideachas i gcomhar leis an GDPR.

## Conas a théann an GDPR i bhfeidhm ar cheanglais toilithe don mhargaíocht dhíreach leictreonach?

Tá sé tábhachtach do mhiondíoltóirí a thabhairt ar aird nach mór go mbeidh aon **'toiliú' atá riachtanach** faoi na Rialacháin Ríomhphríobháideachais a**g teacht leis an sainmhíniú maidir le toiliú atá le fáil sa GDPR**,[2] eadhon;

> aon chur in iúl atá sonrach, feasach agus gan athbhrí, a dhéanann an t-ábhar sonraí a thabhairt faoi shaoirse, trí ráiteas nó trí ghníomhaíocht shoiléir dhearfach, á rá gur mian leis nó léi aontú le próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi.

Tá an coincheap maidir le toiliú faoi Ríomhphríobháideachas bunaithe ar an gcoincheap atá le fáil sa GDPR, agus tá an seasamh seo deimhnithe ag Meitheal Oibre Airteagal 29 (ar a dtugtar an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí nó an 'EDPB' anois) ina cuid 'Treoirlíne maidir le Toiliú faoi Rialachán 2016/679' (ag leathanach 4).

[1] Aistríonn na Rialacháin Ríomhphríobháideachais Treoir 2002/58/CE an AE ar Phríobháideachas agus ar Chumarsáid Leictreonach, ar a dtugtar an 'Treoir um Ríomhphríobháideachas freisin, go dlí na hÉireann.
[2] Féach Airteagal 4(11) den GDPR

Chomh maith leis na **saintréithe toilithe** faoin GDPR, mar atá leagtha amach thuas, **sonraítear coinníollacha breise do thoiliú bailí in Airteagal 7 den GDPR**, lena n-áirítear, na ceanglais nach mór go mbeidh éileamh ar thoiliú **inaitheanta go soiléir** ó ábhair eile, agus go bhfuil an ábhar sonraí **i dteideal** toiliú **a tharraingt siar** ag tráth ar bith, agus ní mór go mbeidh sé chomh héasca céanna toiliú a tharraing siar is atá sé toiliú a thabhairt.

Déantar soiléir i Réamhaithris 32 den GDPR **nach gciallaíonn ciúnas, boscaí réamhthiceáilte nó neamhghníomhaíocht** ó thaobh an ábhair sonraí **go bhfuil toiliú tugtha** faoin GDPR, agus dá bhrí sin, ní bheidh sé leordhóthanach le toiliú a léiriú chun críocha margaíocht dhíreach leictreonach, sa chás é a bheith riachtanach faoi na Rialacháin Ríomhphríobháideachais.

## An bhfuil toiliú riachtanach go sonrach maidir le margaíocht dhíreach leictreonach i ngach cás?

An **riail ghinearálta** do mhargaíocht dhíreach leictreonach ná go n-éilítear **toiliú atá soiléir agus deimhneach** ón bhfaighteoir (ar nós roghnú a bheith sonrach) faoi Rialachán 13 de na Rialacháin Ríomhphríobháideachais**.**

Mar sin féin, níl toiliú **riachtanach go sonrach** i ngach cás a bhaineann le margaíocht dhíreach leictreonach, agus **tá eisceacht ann maidir leis an gceanglas ginearálta** i ndáil le toiliú, ach níl sé sin i gceist ach amháin i gcásanna a bhaineann le custaiméirí atá ann cheana féin, nuair a fhreastalaítear ar choinníollacha áirithe eile freisin.

Sa chás, faoi Rialachán 13(11) de na Rialacháin Ríomhphríobháideachais, nuair a fhaigheann eagraíocht mionsonraí teagmhála ríomhphoist go dleathach '*ó chustaiméir … i gcomhthéacs táirge nó seirbhís a dhíol*" (m.sh. ní bhaineann sé seo ach amháin le **custaiméirí atá ann cheana féin**), níl toiliú riachtanach do mhargaíocht dhíreach leictreonach fad is go bhfuiltear ag freastal ar na **coinníollacha breise** cumarsáide do mhargaíocht dhíreach leictreonach:

- **a)** gur **leis an eagraíocht féin an táirge nó an tseirbhís** a bhfuil margaíocht a dhéanamh orthu,
- **b)** go bhfuil an táirge nó an tseirbhís a bhfuil margaíocht á dhéanamh orthu **cosúil leis** na táirgí nó na seirbhísí **a cuireadh ar fáil** i gcomhthéacs na n-earraí nó na seirbhísí a díoladh leis an gcustaiméir roimhe seo,
- **c)** ní mór **an deis** a thabhairt **go soiléir agus go follasach** don chustaiméir **agóid a dhéanamh** maidir lena gcuid mionsonraí a úsáid ag an am ar bailíodh na mionsonraí siúd, chomh maith le gach aon uair a chuireann an eagraíocht teachtaireacht margaíochta leictreonaí chuig an gcustaiméir,

**d)** ní mór an **chéad** chumarsáid maidir le margaíocht dhíreach a sheoladh **laistigh de 12 mí** den dáta ar díoladh an tseirbhís nó an t-earra leis an gcustaiméir an chéad lá riamh.

Ciallaíonn sé seo nach féidir leis an eagraíocht margaíocht dhíreach leictreonach a sheoladh chuig *custaiméir ionchasach* nach bhfuil an ceannach críochnaithe aige/aici, mar shampla nuair a bhíonn siad ag brabhsáil ar tháirgí ar líne agus nach gcríochnaíonn siad an próiseas maidir le seiceáil amach.

Sa bhreis air sin, ceanglaítear le Rialachán 13(11) nach mór mionsonraí teagmhála ríomhphoist an chustaiméara a **bheith faighte go dleathach** de réir an Achta um Chosaint Sonraí 2018. Ciallaíonn sé seo nach mór **an chúis** lena bhfuarthas na mionsonraí teagmhála **ar dtús** a bheith ag comhlíonadh na bprionsabal cosanta sonraí agus bonn dlí **bailí** a bheith leo, de réir mar is cuí don chomhthéacs ina bhfuarthas na mionsonraí teagmhála ríomhphoist i dtús báire.

## Cé na cineálacha cásanna ina bhféadfadh sé nach mbeadh toiliú riachtanach go sonrach do mhargaíocht dhíreach leictreonach?

Mar atá luaite thuas, d'fhéadfadh miondíoltóirí, i gcásanna a chomhlíonann réamhchoinníollacha Rialachán 13(11) (m.sh. cásanna maidir le margaíocht ó thaobh custaiméirí atá ann cheana féin), a bheith rannpháirteach i margaíocht dhíreach gan gá a bheith le toiliú sonrach a fháil maidir le margaíocht den sórt sin. Léirítear **sna samplaí thíos** an bealach ina bhféadfadh sé seo oibriú, agus **cé na céimeanna a d'fhéadfadh a bheith riachtanach**:

**Cás A**

Cuireann custaiméir X seomra in áirithint le hÓstán Y agus íocann sé/sí as an seomra. Chun críocha díolachán agus eisiúint admhála a dheimhniú, tá mionsonraí teagmhála ríomhphoist Chustaiméir X ag teastáil ó Óstán Y ag an bpointe díolacháin. Tugtar an deis do Chustaiméir X ag an bpointe díolacháin chun cuir i gcoinne a gcuid mionsonraí a úsáid do mhargaíocht dhíreach leictreonach, trí tic a chur i mbosca, ach ní dhéanann sé/sí é sin.

Laistigh de 12 mí den díolachán, teastaíonn ó Óstán Y ríomhphost margaíochta dírí leictreonaí a sheoladh chuig Custaiméir X chun fógraíocht a dhéanamh go bhfuil margadh acu ina bhfuil seomraí ar leathphraghas ar feadh tréimhse teoranta. Tá sé beartaithe acu nasc a chur ag deireadh an ríomhphoist a thugann an deis do Chustaiméir X rogha a dhéanamh gan a bheith bainteach le haon ríomhphost eile maidir le margaíocht dhíreach.

D'fheadfadh Óstán Y mionsonraí teagmhála ríomhphoist Chustaiméir X a úsáid sa chás seo do mhargaíocht dhíreach leictreonach, ó tharla;

- go bhfuarthas na mionsonraí teagmhála ríomhphoist go bailí i dtús báire, agus go raibh bonn dlí leo, ag an bpointe díolacháin;
- gur le Óstán Y féin an táirge nó an tseirbhís a bhfuiltear ag déanamh margaíochta orthu;
- tá an táirge nó an tseirbhís a bhfuil margaíocht a dhéanamh orthu cosúil leis an gceann a cheannaigh an custaiméir sa chéad áit;
- tugadh an deis don chustaiméir rogha a dhéanamh gan a bheith rannpháirteach i margaíocht dhíreach leictreonach ag an bpointe díolacháin;
- tugadh an deis don chustaiméir rogha a dhéanamh gan a bheith rannpháirteach i margaíocht dhíreach leictreonach i ngach teachtaireacht ina dhiaidh sin; agus
- seoladh an chéad ríomhphost maidir le margaíocht dhíreach leictreonach laistigh de 12 mí den seomra a chur in áirithint.

Tá samplaí eile léirithe thíos maidir leis an mbealach **nach féidir** le miondíoltóirí ná leo siúd atá rannpháirteach i margaíocht dhíreach leictreonach **a bheith ag brath** ar Rialachán 13(11), sa chás **nach bhfuiltear ag comhlíonadh** Rialachán 13(11):

**Cás B**

I gcás lena mbaineann mionsonraí atá cosúil le Cás A, maidir le seomra a chuirtear in áirithint do Chustaiméir Z an uair seo, agus gan aon rogha tugtha ar an bhfoirm áirithinte ag an bpointe díolacháin maidir lena bheith rannpháirteach i margaíocht dhíreach leictreonach nó gan aon léiriú tugtha go bhféadfadh sé go mbeadh úsáid á baint as a gcuid mionsonraí teagmhála ríomhphoist do mhargaíocht dhíreach.

Ní féidir le hÓstán Y úsáid a bhaint as mionsonraí teagmhála ríomhphoist Chustaiméir Z sa chás seo do mhargaíocht dhíreach leictreonach, ag glacadh leis;

- **nár tugadh** an deis don chustaiméir gan margaíocht dhíreach leictreonach a roghnú

**Cás C**

Tá na mionsonraí mar a chéile le Cás A, ach an t-am seo teastaíonn ó Óstán Y ríomhphost margaíochta díreach a sheoladh chuig Custaiméir X maidir le margadh atá ag sraith óstán eile; teastaíonn uathu é seo a dhéanamh go díreach mar ghar don tsraith óstán sin).

**Ní féidir** le hÓstán Y mionsonraí teagmhála Custaiméir X a úsáid do mhargaíocht dhíreach leictreonach sa chás seo, ag glacadh leis;

- **Nach** le hÓstán Y féin an táirge ná an tseirbhís a bhfuil margaíocht á dhéanamh orthu

Agus é sin á dhéanamh, an riail atá i gceist i gcás margaíocht dhíreach leictreonach, nach dóigh go mbeidh **boscaí rogha nó boscaí réamhthiceáilte leordhóthanach** chun cead a bhailiú do mhargaíocht dhíreach chun ceanglais a chomhlíonadh sa chás go mbíonn toiliú riachtanach, mar gheall, go ginearálta, nach sásóidh **boscaí rogha nó boscaí réamhthiceáilte, srl., na ceanglais maidir le toiliú,** mar a shainmhínítear é faoin GDPR.

Mar sin féin, níl toiliú riachtanach go sonrach i gcásanna margaíochta dírí le custaiméirí atá ann cheana féin a dtugtar an deis dóibh agóid a dhéanamh, nuair a bhaineann an mhargaíocht le táirgí nó le seirbhísí den chineál céanna de chuid na heagraíochta féin agus sa chás go seoltar an chéad chomhfhreagras margaíochta laistigh de 12 mí den díolachán bunaidh.

## An féidir le custaiméirí agóid a dhéanamh maidir le margaíocht dhíreach leictreonach?

Déantar foráil sna Rialacháin Ríomhphríobháideachais go bhfuil an ceart chun agóide ag daoine aonair maidir le margaíocht dhíreach leictreonach a fháil agus nach mór go mbeidh saoráid chun rogha a dhéanamh maidir lena bheith san áireamh i ngach cumarsáid mhargaíochta.

Sa chás go mbíonn táirge nó seirbhís á cheannach ag duine, ní mór an ceart a thabhairt dóibh chun agóid a dhéanamh ó thaobh úsáid a bhaint as a mionsonraí chun margaíocht dhíreach a dhéanamh ag an tráth a mbailítear na sonraí siúd. Ní mór bealaí atá bailí le rogha a dhéanamh gan a bheith rannpháirteach a bheith san áireamh in aon teachtaireacht a sheoltar chucu ina dhiaidh sin. Agus é sin á dhéanamh, cuireann go leor eagraíochtaí é seo i bhfeidhm trí nasc díliostála a chur i ríomhphost nó i gcód gearr téacs a dhéanann an duine a dhíliostáil go huathoibríoch ó mhargaíocht dhíreach nuair a sheolann siad iarratas le margaíocht a stopadh chuig uimhir thiomnaithe.

Is cion coiriúil atá ann margaíocht dhíreach leictreonach a sheoladh chuig duine a dhéanann agóid maidir le cumarsáid den sórt sin a fháil.

Ar leithligh, tugann Airteagal 21 den GDPR an **ceart chun agóide do dhaoine aonair ag tráth ar bith** i leith próiseáil a gcuid sonraí pearsanta chun críocha **margaíochta dírí**, lena n-áirítear, próifíliú sa mhéid go mbaineann sé go díreach le margaíocht dhíreach. Sa chás go ndéanann duine aonair agóid ó thaobh próiseála chun críocha margaíochta dírí**, ní féidir próiseáil a dhéanamh ar a gcuid sonraí pearsanta níos mó** chun na críocha seo.

Sa bhreis air sin, mar a thugtar ar aird thuas, sa chás go bhfuiltear ag brath ar thoiliú chun téacsanna nó ríomhphoist mhargaíochta a sheoladh, ansin tá an ceart ag an duine aonair a **dtoiliú a tharraingt siar** ag tráth ar bith agus ní mór go mbeadh sé chomh **héasca céanna toiliú a tharraingt siar** is a bhí sé an toiliú sin a thabhairt.

## Cén áit a bhfaighidh mé tuilleadh eolais maidir le margaíocht dhíreach leictreonach?

Is féidir tuilleadh eolais maidir leis na rialacha don mhargaíocht dhíreach leictreonach a fháil ar láithreán gréasáin an DPC, lena n-áirítear treoir an DPC maidir le ríomhadmhálacha a eisiúint.